



501

(DEFORMED HELPERS)

(Tógtha síos ag Liam MacMeanman, Mbinín, Clochán, Leithbhearr,
Tír Chonaill, ó bhéal-aithris Anna Nic Luain, (48 bl.)
Cruachthubraid, Tír Chonaill.)

(MS. 171. pp. 567—569)



A 616:32

-1-

(DEFORMED HELPERS)

In sa t-sean-aimsir bhí fear uasal a gul thart lá amháin. Bhí bean a bualadh giorraighe ann agus d'iaffruigh se duihi : "Goide'n fáth a bhfuil tú bualadh na giorraighe ?"

"Tá maise," adubhairt sí déanú oiread oibre agus go bhfuil ealga orm go muirfe sí i fhín."

"Oh maise tá neart oibre ugumsa duihi," adubhairt sé.

Thug leis a ghiorrach 'na bhaile. Chuir isteach i room í lahar na mhárach agus neart lín lehi le cárdál. In áit sin ní fheacaidh 'n ghiorrach sin a chárda ariamh chan amháin rud a chárdál agus bhí sí 'na suidhe caoineadh. Thenaic bean na Láimh' Mbir isteach agus ba ghoiriá gur chárdál sí a méid a bhí ann.

Lahar na mhárach cuireadh 'steach arais í agus a lín le shníomh aici i chan amháin sin níor shníomh an ghiorrach sin an bhít ariamh agus ní fheaca sí'n túirne agus ba ghoiriá go dtenaic Bean na Coise Mbire isteach agus shníomh sí deireadh.

Triomhu lá bhí'n bhí'n lín le fuaigheall aici. Fuaidh sí 'steach 'na room agus ní fheaca sí sin snathad ariamh chan



amháin rud a fhuaigheall. Níorbh fhada bhí sí 'stuigh go dtenaic Bean a Ghaorhsain Mhóir.

"Shníomhfa mise sin duid," adubhairt sí, "ma bheir tú cuireadh na bainse damh."

"Bheirfidh cinnte," adeir a ghíorsach.

Shníomh deireadh. Budh é sin a triomhu lá; bhí'n lánúin le pósú lahar na mhárach. Ins an oíche thenaic a triúr ban isteach agus rinn a fear uasal amach go rachad se 'un chainnte leófa go bheicead se goide bhí cearr leófa. Dúirt a cheud duine ocu, Bean na Láimh' Móire :

"Chárdál mise oiread," adubhairt sí, "agus gur at mo láimh comh mór sin."

Fua se fhad le bean na Coise Móire.

"Goide tá cearr leatsa,?" adubhairt sé.

"Tá, maise. Shníomh mise oiread," adubhairt sí, "agus gur eirigh 'n chos comh mór sin."

Fua se fhad le bean a Ghaothsain Mhóir.

"Goide," adubhairt sé, "tá cearr leatsa ?"

"Tá maisé. D'fhuagh mise, adubhairt sí, oiread agus gur eirigh mo ghaothsan comh mór sin le neart cromadaigh."

"Well mas sin mar tá," adeir sé, "ní thóirfa me ar an bhean at' ugum an bhit a shníomh ná chárdaí, ná fhuaigneal."

Posadh 'n lánúin agus tá siad go maith o'n lá sin go dtí 'n lá 'niú.



A 616:34
